An Roinn Tithíochta,
Pleanála agus Rialtais Áitiúil
Department of Housing,
Planning and Local Government

Comhairliúchán poiblí maidir le coimisiún toghcháin a bhunú

Sheol Eoghan Murphy T.D, an Aire Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil agus John Paul Phelan, T.D., an tAire Stáit do Rialtas Áitiúil agus Athchóiriú Toghchán, inniu (27 Nollaig 2018), comhairliúchán poiblí maidir le hAnailís Tionchair Rialála maidir le Coimisiún Toghcháin a Bhunú.

Agus an comhairliúchán poiblí á sheoladh aige dúirt an tAire Ó Murchú: "cé go bhfuil an-mhuinín ag an bpobal inár gcóras toghcháin, forbrófar an mhuinín sin le bunú coimisiúin toghcháin neamhspleách agus cuideoidh sé le comhtháthú agus comhordú níos fearr a chur sa chóras toghcháin agus mar sin feabhsófar riarachán na dtoghchán."

D'fhoilsigh an Comhchoiste Comhshaoil, Cultúir agus Gaeltachta tuarascáil maidir le coimisiún toghcháin a bhunú i mí Eanáir 2016. Tá sraith moltaí sa tuarascáil sin maidir le coimisiún toghcháin a bhunú, lena n-áirítear feidhmeanna ba cheart sannfadh dó; neamhspleáchas, ballraíocht agus sásraí cuntasachta; agus próiseas an bhunaithe.

Cuirtear ar aghaidh líon roghanna san Anailís Tionchair Rialála maidir le conas a bhunófaí coimisiún lena n-áirítear na feidhmeanna a bhféadfaí a shannadh dó. Tugtar aird sna roghanna sin ar mholtaí an Chomhchoiste Comhshaoil, Cultúir agus Gaeltachta.

Ar phróiseas an chomhairliúcháin phoiblí, dúirt an tAire Phelan: "Déanfar anailís ar na hionchuir ar fad a gheofar agus úsáidfear an t-ábhar chun bonn eolais a chur faoin rogha is fearr maidir le coimisiún toghcháin a bhunú, a chuirfear faoi bhráid an Rialtais. Mholfainn do gach duine dá réir sin páirt a ghlacadh inár gcomhairliúchán faoi Dé hAoine an 15 Márta 2019."

DEIREADH

Nótaí do na hEagarthóirí

- Is féidir leis an bpobal faisnéis a fháil faoi na tograí ag www.housing.gov.ie
- Is féidir le daoine a dtuairimí a thabhairt chomh maith le ríomhphost chuig: electoralcommission@housing.gov.ie, nó sa phost chuig: Comhairliúchán um Choimisiún Toghcháin, Rannán na dToghchóras, an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil, Teach an Chustaim, Baile Átha Cliath 1, D01 W6X0.
- Glacfar le freagairtí ar an gcomhairliúchán poiblí go dtí Dé hAoine an 15 Márta 2019.

Preasoifig

Teil: (01) 888 2638 (díreach)
(01) 888 2000
Ríomhphost: press@housing.gov.ie
Suíomh gréasáin: www.housing.gov.ie
Twitter:@HousingPress